FAOI CHAIBIDIL

Foilseofar an forlíonadh ealaíon seo ar nuachtáin Ghrúpa Meán Bhéal Feirste, Andersonstown News, North Belfast News agus South Belfast News, chomh maith le www.nuacht.com

LOTTERY FUNDED

Forlíonadh ealaíon in eagar ag Ciarán Ó Pronntaigh

Teagmháil: leabhar@nuacht.com

GEARRSCÉAL
le Déirdre Ní Grianna

Clog, leabhar agus coinneal

CUID III

"Is mise," . . . a thosaigh sé sular athraigh sé a chomhairle, "Ba dhlíodóir Bhríd mé agus tá muid anseo lena tiomna a léamh. . ."

Leis na focail sin, mhothaigh Jason go raibh Cloch Mhór Léim an tSionnaigh i ndiaidh preabadh aníos óna ghoile isteach ina sceadamán agus bhí obair aige a anáil a tharraingt, nó ba é an scéal seo an rud deireanach a raibh sé ag dúil leis.

Cuireadh inneall na hintinne ar obair, ag smaoineamh nach raibh sé ach mí ó fuair sé an r-phost míosúil uaithi ag cur a thuairisce agus faoina bhean agus faoina iníon Órlaith, ag rá mar ba nós léi, aire mhaith a thabhairt dóibh agus dó féin.

Sa deireadh, d'éirigh leis labhairt ach sa bheag.

"Cad é tharla?"

D'amharc Pádraig go truacánta air agus fios anois ag an dlíodóir go raibh an t-iriseoir aineolach ar fhírinne shaol Bhríd.

"Níor inis sí duit go raibh ailse uirthi le bliain anuas, ar inis?"

Chroith Jason a chloigeann, agus in éadan a thola, thit deoir óna shúil.

Lean Pádraig leis.

"Bhuel bhí, agus ba mhaith a bhí a fhios aici. Ní thiocfadh le haon duine an oiread sin ama a chaitheamh ag traenáil agus ag cleachtadh mar dhochtúir gan fios an choirp a fhoghlaim.

"Agus creid mise nuair a deirim gur bhean iontach í Bríd idir áilleacht agus daonnacht agus idir ábaltacht agus intleacht, agus is beag bean a bheadh taobh léi sa tír seo lena solas."

Leis an fheartlaoi sin, bhris an gol ar an bhean a bhí go fóill taobh leis an sorn agus greim an fhir bháite aici ar an chupán a bhí cuachta ina lámha.

"A Shinéad, a stór, gaibhte, ná bí do do chrá féin, ní bheadh Bríd i bhfách leis sin . . ." agus chuir an dlíodóir a dhá lámh thart ar an bhean mar a dhéanfadh máthair le leanbh gortaithe.

Nuair a bhí uisce a cinn tráite agus an croitheadh coirp caite ag Sinéad chuaigh Pádraig caol díreach chuig cófra a bhí folamh ach go raibh buidéal uisce beatha agus trí ghloine ann.

Thug sé leis iad agus chuir sé ar an tábla iad.

Chuir sé amach gloine do gach duine ach d'aithin Jason gur thug sé an ceann ba mhó do Shinéad, rud a shíl sé a bhí céillí go leor.

"Caithfear toiseacht agus seo a léamh. . ." a dúirt sé agus thug sé Sinéad a fhad leis an tábla agus ag beannú do Jason suí ar chathaoir eile.

Le linn na teachtaireachta ón uaigh, roinneadh earraí agus airnéis Ard Airmide.

Nuair a bhí deireadh ráite ag Pádraig agus a dhualgas déanta de réir dlí, thug sé litir an duine don bheirt eile agus shuigh sé siar ag baint suimín óna ghloine, ó am go chéile.

Bhí an tost ina luí go trom fad agus a bhí an bheirt ina luí sa léitheoireacht.

Ar nós iriseora, thug Jason spléachadh gasta ar na focail, go háirithe na focail ba thábhachtaí de réir a bharúla, ag amharc ar aghaidh Phádraig ó am go ham, agus nuair a bhí deireadh léite aige agus a mheabhair ar snámh le hiontais, thosaigh sé ag léamh na litreach arís eile.

Níor tugadh seans do Jason cad chuige a rá, nó bhí Sinéad ar thús cadhnaíochta . . .

"An t-airgead seo uilig . . . nár mhór agus nár mhilis an t-airgead atá caite aici orm go dtí seo . . . ach cibé í," agus tháinig díle deor eile sular éalaigh sí amach ar an doras le haer a fháil a chuirfeadh cosc ar a cuid smeacharnaí.

I ndeireadh na dála, fuair Jason an t-uchtach leis na ceisteanna a bhí ag ithe a intinne, a chur.

"Cén fáth ar fhág sí an áit seo dom, níl mé muinteartha di, níor casadh orm í ach aon uair amháin, agus i bhfírinne, ba bheag aithne féin a bhí agam uirthi, ach gur bhean bhreá chineálta a bhí inti agus gan í ann an oíche sin, tá gach seans go mbeinn faoin fhód."

Chroith an dlíodóir a chloigeann ag aontú leis an méid a bhí ráite cheana féin sular labhair sé arís.

"Tuigeann tú go bhfuil coinníoll ann a gcaithfear a chomhlíonadh sula dtig liom an áit seo a chur i d'ainm?"

"Tchím sin . . . deir sé anseo go gcaithfidh mé scéal a scríobh agus é a chur i gcló . . . níl fhios agam, is iriseoir mé, ní scríbhneoir cruthaitheach mé."

Níor tugadh faill do Jason cur lena leithscéal.

"Sin go díreach an fáth ar phioc sí thú, nó bhí scéal amháin ba mhaith léi tú a scríobh, má tá tú sásta a scríobh ach caithfidh tú 'scríobhfaidh nó ní scríobhfaidh' a rá liom anois agus gan fios agat cén cineál scéil é. Sin na treoracha a thug Bríd dom agus í daingean dearfach go gcaithfear cloí leo."

Shuigh Jason siar ag smaoineamh ar an bhean chríonna, chumasach, fhadcheannach. Ní ar mhaithe leis an teach anois a bhí sé ag meabhrú ar an scéal a scríobh, fiú má bhí amhras air go dtiocfadh leis a leithéid a dhéanamh.

Ach bhí an t-aon rud amháin déanta ag Bríd, banchealgaire na hiriseoireachta in intinn Jason anois, nó bhí a fhiosracht géaraithe aici agus a d'fhág é nach mbeadh an dara rogha aige ach an scéal a dhéanamh nó ní thabharfadh an fhiosracht faoiseamh dó a choíche go dtí go raibh bun agus barr an scéil, cibé scéal a bhí ann, aige.

B'fhéidir, a smaoinigh Jason, agus le cuidiú Dé, go dtiocfadh snas na scríbhneoireachta lena linn.

"Scríobhfaidh."

D'éirigh an dlíodóir agus thóg sé an t-uisce beatha don dara huair agus líon sé gloine Jason go béal.

"Tá mé ag déanamh go mbeidh tuilleadh de de dhíth ort i ndiaidh tamaill nó tá obair mhaslach romhat," agus leis sin, thug sé amach litir mhór iata as a chasóg agus chuir sé ar an tábla os coinne Jason í.

"Léigh sin, go bhfaighimse earraí agus bia a bheas de dhíobháil ort as an charr. Mheas Bríd go mbeifeá anseo cúpla lá. . ."

Lean Jason an dlíodóir lena shúile gan sea nó ní hea a rá. Shíl sé féin go mbeadh sé ag stopadh in áit éigin sa cheantar thar oíche nó is í an chiall cheannaithe an chiall is fearr agus ní raibh lá rúin aige oíche a chaitheamh ag tiomáint sa cheantar seo.

Ach ní rabhthas ag dúil ná níos mó ná an oíche amháin. Bheadh air scéal a chur chuig a bhean ag rá nach mbeadh sé sa bhaile an oíche ina dhiaidh, de réir cosúlachta.

Sa deireadh, thug Jason aghaidh ar an litir a bhí roimhe, agus bhí idir chaidéis agus chritheagla air nuair a d'oscail sé an dúshlán a fágadh air agus thosaigh sé ag cíoradh cháipéis Bhríd.

"Don té lena mbaineann. Is mise Bríd Ní Bhroinn, a rugadh agus a tógadh i bPlás Chúirt an Rí, Cluain Lách ar an 2ú de Mhí na Samhna 1934. Ba mé an t-aon duine clainne de chuid an Dochtúra Arthur Ó Broinn, Príomh-mháinlia Otharlann Naomh Muire, agus Elizabeth Ní Cheallaigh dá sloinneadh féin.

"Chuaigh mé ar Scoil an Chroí Naofa i mBaile na mBó sular cuireadh ar Scoil Chónaithe i Lios na Rí mé.

"Nuair a bhí mé 18 d'aois bhain mé scoláireacht agus chuaigh mé go hOllscoil Naomh Andrew in Albain, agus i 1959 rinneadh dochtúir díom agus thosaigh mé ag obair san Otharlann Ríoga i nDún Éideann.

"I ndiaidh dom traenáil mar mháinlia, bhí orm pilleadh ar Éirinn cionn is go raibh mo mháthair ag fáil bháis agus ní raibh sláinte m'athar mórán níos fearr.

"I 1967, bhí mé go fóill in Éirinn agus i m'aonar agus m'athair agus mo mháthair beirt anois faoin fhód.

"Bhí sé de rún agam riamh san am pilleadh ar Albain nó post a fháil i dtír éigin eile, ach ní raibh sé sin i ndán dom, nó is cosúil anois go raibh sé i mo chinniúint, fanacht agus leigheas a thabhairt ar dhóigh éigin eile.

"Ag tarraingt ar dheireadh na bliana sin, fuair mé post mar ghnáthdhochtúir i Mullach na Muc (measaim Jason, (nó táim cinnte de, gur tú féin atá ann, agus muinín agam gur phioc mé an duine ceart agus dóchas agam nach bhfuair an ailse lámh in uachtar ar m'inchinn nuair a thogh mé thú) go bhfuil eolas maith agat ar an bhaile sin.)"

"Jaysus!" a scaoil liobair Jason ar neamhchead dó.

Shuigh sé siar lena ghloine agus thosaigh ag machnamh ar bheartaíocht Bhríd.

Ag baint suimín as an ghloine, tháinig sé chuige go gcaithfeadh sé gur léigh Bríd a bheathaisnéis ar an idirlíon nó bhí sé damanta cinnte de nár luaigh sé riamh léi gur rugadh agus gur tógadh é i Mullach na Muc sular bhog a theaghlach féin níos deise do Bhaile Átha Cliath nuair a fuair a athair ardú céime sa phost nuair a bhí Jason 10 mbliana d'aois.

Ag amharc siar dó anois, ní chuirfeadh sé lá iontais air a fháil amach gurb í a chuir faoi gheasa é agus a mheall é ar a bhealach go dtí an Clochán Liath sa chéad dul síos.

Mheas sé ar an bhomaite sin go mbíodh sé sin féin d'acmhainn aici.

AR LEAN
an tseachtain seo
chugainn